# 12 Dul chun cinn i dtreo aeráidneodracht a bhaint amach in Éirinn

**12.1** Is príomhchuspóir beartais náisiúnta é an t-aistriú chuig geilleagar atá aeráidneodrach agus aeráidseasmhach faoi 2050.

**12.2** Tá Éire ina páirtí i gComhaontú Pháras 2015 — conradh idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí de agus arb é is aidhm dó an fhreagairt dhomhanda ar bhagairt an athraithe aeráide a neartú.[1] Áirítear sa chomhaontú gealltanas chun “an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil roinnt mhaith faoi bhun 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch” agus “iarrachtaí [a dhéanamh] chun teorainn 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an méadú ar an teocht, agus é á aithint gur mór an laghdú a dhéanfadh sé sin ar rioscaí agus tionchair an athraithe aeráide”.[2]

**12.3** Tá Éire faoi cheangal ag an Dlí Aeráide Eorpach, 2021 freisin, lena dtrasuitear sa dlí an sprioc a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don Eoraip go mbeidh geilleagar agus sochaí na hEorpa aeráidneodrach faoi 2050. Is é rud atá i gceist le haeráidneodracht faoi 2050 ná astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) glan-nialasacha a bhaint amach do thíortha an Aontais Eorpaigh ina n-iomláine, is é sin den chuid is mó trí astaíochtaí a laghdú, infheistíocht a dhéanamh i dteicneolaíochtaí glasa agus an timpeallacht nádúrtha a chosaint.[3] Leagtar síos leis sa dlí freisin sprioc idirmheánach chun astaíochtaí GCT san Eoraip a laghdú 55% ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990.

1 Ó mhí Meán Fómhair 2025, tá Comhaontú Pháras sínithe nó aontaithe ag 195 tír.

2 Níl sainmhíniú foirmiúil ar an tréimhse réamhthionsclaíoch sa Chomhaontú, ach meastar go ginearálta gurb í an tréimhse idir 1850 agus 1900 atá i gceist, tráth a measadh gurb é 13.6°C an mheánteocht dhomhanda. Mar chomhthéacs, in 2024, b’ionann an mheánteocht dhomhanda agus 15.1°C.

3 Is minic a úsáidtear an téarma ‘carbón’ leis an uile chineál gás ceaptha teasa a chur in iúl. Is í dé-ocsaíd charbóin an príomhghás ceaptha teasa; áirítear meatán agus ocsaíd nítriúil ar chinn eile.

**Fíor 12.1 Príomhspriocanna maidir le haeráidneodracht[a]**

**Aeráidneodracht ar bhonn idirnáisiúnta faoi 2050**

Teorainn 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch a chur leis an téamh domhanda.

Ní mór d’astaíochtaí domhanda GCT buaicphointe a bhaint amach roimh 2025 (ar a dhéanaí) agus ansin titim 43% faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 2019.[b]

**Aeráidneodracht an AE faoi 2050**

Astaíochtaí GCT a laghdú 55% ar a laghad faoi 2030 ar fud an AE, i gcoibhneas le leibhéil 1990.

Córas Trádála Astaíochtaí — laghdú 62% ar astaíochtaí ar fud an AE faoi 2030 le haghaidh earnálacha sonracha, is é sin tionscail mhóra agus giniúint leictreachais den chuid is mó.[c,d]

An Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill (ESR) — Éire le hastaíochtaí a laghdú 42% faoi 2030 arna thomhas in éadan bonnbhliain 2005.

**Aeráidneodracht ar bhonn náisiúnta faoi 2050**

Sprioc eatramhach le hastaíochtaí GCT na hÉireann a laghdú 51% faoi 2030 arna thomhas in éadan bonnbhliain 2018.

Le buiséid charbóin forchuirtear teorainn ar astaíochtaí GCT laistigh de thréimhse 5 bliana. Leis an gcéad bhuiséad carbóin éilítear laghdú 4.8% ar an meán ar astaíochtaí GCT in aghaidh na bliana i gcaitheamh na tréimhse 2021 – 2025.

Foinse: An Coimisiún Eorpach. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC). Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Aeráidneodracht — tá difríocht idir na spriocanna idirnáisiúnta, AE agus náisiúnta le haghaidh 2050 maidir leis an gcaoi a dtugtar tuairisc ar an aeráidneodracht agus an léirmhíniú ar a bhfuil i gceist leis sin maidir le hastaíochtaí GCT.

b Cinneadh arna ghlacadh ag an 28ú cruinniú bliantúil de na Náisiúin Aontaithe maidir leis an athrú aeráide (COP28) in 2023, tar éis an chéad athbhreithnithe dhomhanda chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna fadtéarmacha Chomhaontú Pháras.

c Le Córas Trádála Astaíochtaí (CTA) an AE, a seoladh den chéad uair in 2005, cumhdaítear thart ar 11,000 stáisiún cumhachta agus gléasra monaraíochta ar fud an AE, na hÍoslainne, Lichtinstéin agus na hIorua, mar aon le gníomhaíochtaí eitlíochta sna tíortha sin.

d Tháinig Scéim Trádála Astaíochtaí na Ríochta Aontaithe in ionad rannpháirtíocht na Ríochta Aontaithe in CTA AE ón 1 Eanáir 2021 amach.

**12.4** Soláthraítear an creat reachtúil in Éirinn maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 (an tAcht Aeráide). Leagtar sprioc eatramhach síos leis an reachtaíocht freisin — astaíochtaí GCT iomlána na hÉireann a laghdú 51% faoi 2030 (i gcoibhneas le leibhéil 2018).

**12.5** Chun na spriocanna aeráidneodrachta a bhaint amach, níl amhras ach go mbeidh caiteachas poiblí ollmhór de dhíth, agus beidh costéifeachtacht an chaiteachais sin ríthábhachtach. Thairis sin, má bhíonn aon easnamh mór ann agus spriocanna an AE á mbaint amach, lena n-áirítear na spriocanna eatramhacha (2030), tá sé nach mór cinnte go gcuirfidh sé sin ualach airgeadais ar an Státchiste.

**12.6** Tugadh faoin iniúchadh sin mar gheall ar neamhchosaint an Státchiste ar chostais chomhlíontachta nach beag laistigh de thréimhse chomh gearr le seacht mbliana mura gcomhlíontar spriocanna éigeantacha.[1] Leagtar amach ann na socruithe atá i bhfeidhm chun rianú agus tuairisciú a dhéanamh ar an ráta dul chun cinn i dtreo laghdú 51% ar astaíochtaí GCT faoi 2030 agus aeráidneodracht faoi 2050 a bhaint amach.

## Modheolaíocht agus sainmhínithe

**12.7** Is é rud a bhí i gceist leis an iniúchadh den chuid is mó ná athbhreithniú ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (an Roinn) agus ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC). Tá an fhaisnéis maidir le hastaíochtaí atá san iniúchadh sin bunaithe den chuid is mó ar shonraí fardail arna bhfoilsiú ag GCC.

### *Sonraí maidir le hastaíochtaí*

**12.8** Leanann an eolaíocht atá mar bhonn faoi ríomh an fhardail astaíochtaí de bheith ag forbairt agus ag teacht in aibíocht. Tá an fardal astaíochtaí GCT faoi réir athbhreithniú bliantúil ag an AE agus NA a cheapann foirne athbhreithnithe saineolaithe, arb é atá iontu ná tiomsaitheoirí fardail, chun measúnú a dhéanamh ar na modheolaíochtaí a úsáidtear lena chinntiú go bhfuiltear ag leanúint na dtreoirlínte. Is cleachtas caighdeánach é sonraí astaíochtaí a bheachtú agus fardail GCT á dtiomsú, agus d'fhéadfaí sonraí a athbhreithniú siar go dtí an bhonnbhliain, 1990, ar bhonn bliantúil.

**12.9** Ar mhaithe le tuairisciú agus comparáid a dhéanamh, déantar tomhas ar an dul chun cinn maidir le laghduithe astaíochtaí GCT a bhaint amach in aghaidh 'bonnbhliain' arna sonrú, a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ag brath ar an gcreat tuairiscithe.

### *Tionchar úsáide talún agus athrú úsáide talún*

**12.10** Le linn spriocanna a shocrú agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí náisiúnta tíre, féadfar tionchar úsáide talún a áireamh nó a eisiaimh. Le roinnt cineálacha úsáide talún, is féidir go gcuirfear le hastaíochtaí GCT, ach le cineálacha eile, is féidir gníomhú mar 'linnte carbóin' go héifeachtach agus dé-ocsaíd charbóin a bhaint as an atmaisféar. Dá thoradh sin, an glanmhéid astaíochtaí as an méid a sainmhíníodh mar an earnáil um 'úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht' (ÚTAÚTF), féadfaidh sé a bheith dearfach nó diúltach, ag brath ar phatrún úsáide talún.

1 Ríomhfar an costas comhlíontachta deiridh in 2032 i gcoibhneas leis an staid deiridh in 2030.

**12.11** I láthair na huaire, is mó astaíochtaí GCT na hÉireann ó fhéarach agus ó bhogach ná na hastaíochtaí a bhaintear le talamh foraoiseachta, rud a fhágann go bhfuil earnáil ÚTAÚTF na hÉireann ina cúis le glanastaíochtaí GCT. Meastar gurbh ionann glanastaíochtaí ó earnáil ÚTAÚTF in 2023 agus 3.9 milliún tonna (6.6% de na hastaíochtaí iomlána, ÚTAÚTF san áireamh).[1,2]

**12.12** Nuair a áirítear na hastaíochtaí ó ÚTAÚTF, meastar gurbh ionann astaíochtaí GCT iomlána na hÉireann le haghaidh 2023 agus 58.8 Mt $CO_2$eq.[3] Léiríonn comparáid idir leibhéil ghluaiseachta in astaíochtaí GCT beagán difríochta nuair a áirítear glan-ÚTAÚTF sna sonraí nó a eisiatar iad ar bhonn seasmhach. Dá réir sin, ní áirítear ÚTAÚTF sna hastaíochtaí a áirítear sa tuarascáil seo mura sonraítear a mhalairt.

## Treochtaí in astaíochtaí

**12.13** Tháinig borradh mór faoi astaíochtaí GCT na hÉireann sna 1990idí de réir mar a bhí an geilleagar ag dul i dtreis. Bhain na hastaíochtaí buaic amach in 2001 agus is anuas atá an treocht ó shin i leith. Thit na hastaíochtaí faoi bhun leibhéal 1990 den chéad uair in 2023.[4]

**12.14** Is é an sprioc náisiúnta, de réir an Achta Aeráide, laghdú 51% a bhaint amach ar astaíochtaí GCT faoi 2030 nuair a thomhaistear in éadan bonnbhliain 2018 iad. Is anuas a bhí treocht astaíochtaí GCT na hÉireann idir 2018 agus 2020, cé go ndeachaigh siad i méid arís in 2021, sular tháinig laghdú orthu an athuair in 2022 agus 2023. Baineadh laghdú foriomlán 10.3% amach idir 2018 agus 2023.[5] Ina dhiaidh sin féin, tá gá le laghduithe nach beag sa bhreis ar an méid sin ar mhaithe leis an sprioc náisiúnta a bhaint amach faoi 2030.

**12.15** I gcomhthéacs na réamh-mheastachán ar astaíochtaí GCT na hÉireann, úsáideann GCC dhá chás chun dul chun cinn i dtreo na spriocanna aeráide a mheas.

- **Le bearta atá ann cheana** (WEM) — Déanann cás WEM réamh-mheastacháin ar astaíochtaí amach anseo bunaithe ar bheartais agus ar bhearta atá i bhfeidhm faoi láthair agus atá ina gceangal dleathach ar an Rialtas.
- **Le bearta breise** (WAM) — Cuimsíonn cás WAM gach gníomh i gcás WEM, anuas ar bheartais agus bearta breise atá pleanáilte a fógraíodh cheana agus nár cuireadh i bhfeidhm go fóill.

**12.16** Leis na réamh-mheastacháin is déanaí ó GCC maidir le hastaíochtaí GCT, don tréimhse 2024 – 2055, tugtar le fios go bhfuil Éire i bhfad amú maidir lena spriocanna aeráide atá ceangailteach ó thaobh dlí de a bhaint amach faoi 2030. Fiú má chuirtear i bhfeidhm na beartais agus na bearta aeráide uile atá pleanáilte ina n-iomláine, réamh-mheasann GCC laghdú uasta 23% faoi 2030 i gcomparáid le 2018.[3] Is laghdú é sin ó réamh-mheastachán 29% na bliana roimhe sin, rud a leagann béim ar bhearna atá ag leathnú idir na hiarrachtaí atá ar bun faoi láthair agus an sprioc náisiúnta.

1 Is é an cur chuige ginearálta atá ann fós ná tagairt a dhéanamh d'astaíochtaí iomlána tíre gan ÚTAÚTF (úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht) a áireamh. Ina dhiaidh sin féin, tuairiscítear iomláin, ÚTAÚTF á áireamh agus é á eisiamh araon, chuig Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide agus faoin reachtaíocht náisiúnta. Ní áirítear ÚTAÚTF mar chuid den sprioc in ESR.


2 Tá ardleibhéal castachta agus éiginnteachta i gceist le ríomh na n-astaíochtaí ó earnáil ÚTAÚTF. Leagtar amach tuilleadh faisnéise maidir le hastaíochtaí na hÉireann ó earnáil ÚTAÚTF san fheasachán a d'fhoilsigh GCC maidir le [hastaíochtaí GCT ó earnáil ÚTAÚTF](https://).

3 Déantar astaíochtaí GCT a thomhas i milliúin tonna de choibhéis dé-ocsaíde carbóin (Mt $CO_2$eq).

4 I mí Iúil 2025, d'fhoilsigh GCC astaíochtaí GCT sealadacha na hÉireann lena gcumhdaítear an tréimhse idir 1990 agus 2024: Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa Sealadacha na hÉireann 1990 – 2024.

5 Tá laghdú réamh-mheasta GCC bunaithe ar astaíochtaí ar a n-áirítear glanastaíochtaí ó earnáil ÚTAÚTF.

**Fíor 12.2 Astaíochtaí GCT na hÉireann, 1990 go 2023, agus arna réamh-mheas go dtí 2050**




Foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a Síníodh Comhaontú Pháras an 22 Aibreán 2016. Ag an 27ú cruinniú bliantúil de na Náisiún Aontaithe maidir leis an athrú aeráide (COP27) in 2022, rinneadh cinneadh Comhaontú Pháras a athdhearbhú agus gealltanas a áireamh ina raibh sprioc laghdú 43% a dhéanamh ar astaíochtaí GCT faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2019.

b Is faoin Acht Aeráide a socraíodh an sprioc náisiúnta chun GCT a laghdú 51% faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2018 agus aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

### *Astaíochtaí in aghaidh an duine*

**12.17** In 1990, bhí 3.5 milliún duine ina gcónaí in Éirinn, agus dá réir sin, bhí astaíochtaí na hÉireann in aghaidh an duine thart ar 15.9 tonna. Faoi 2023, agus an daonra os cionn 5 mhilliún duine, tháinig laghdú ar na hastaíochtaí in aghaidh an duine go dtí thart ar 10.4 tonna — laghdú thart ar 35% ó leibhéil 1990. Mar sin féin, in 2023, bhí Éire fós i measc na dtíortha is mó astaíochtaí GCT in aghaidh an duine laistigh den AE.

**12.18** D’ainneoin méadú 51% ar an daonra agus fás mór eacnamaíoch, bhí astaíochtaí na hÉireann in 2023 faoi bhun leibhéil 1990. Léiríonn sé sin dul chun cinn i dtaobh fás eacnamaíoch agus fás ar an daonra a scaradh ó astaíochtaí, is dócha mar gheall ar éifeachtúlacht fheabhsaithe fuinnimh, aistriú i dtreo foinsí in-athnuaite fuinnimh, agus bearta beartais atá dírithe ar astaíochtaí a laghdú.


**12.19** Leis an laghdú foriomlán réasúnta beag ar astaíochtaí i gcaitheamh tréimhse 33 bliana, tugtar le fios, cé go bhfuil laghdú tagtha ar astaíochtaí in aghaidh an duine, go mbeidh dúshlán ann go fóill laghduithe carnacha níos mó ar astaíochtaí a bhaint amach. Tá gá le hiarrachtaí marthanacha chun astaíochtaí foriomlána a laghdú a thuilleadh i bhfianaise fás eacnamaíoch agus déimeagrafach leanúnach.

## Astaíochtaí GCT de réir earnála

**12.20** In 2023, d'astaigh Éire 58.8 milliún tonna de dhé-ocsaíd charbóin ar fud 11 earnáil, lena n-áirítear úsáid talún (ÚTAÚTF) (féach Fíor 12.3).

**12.21** Is iomaí sraith atá ag baint leis an gcreat reachtach is infheidhme maidir le gealltanas na hÉireann aeráidneodracht a bhaint amach. Tá freagraí agus tionscnaimh iomadúla i gceist leis (féach Fíor 12.5).

**Fíor 12.3 Astaíochtaí GCT na hÉireann de réir earnála in 2023 (ÚTAÚTF san áireamh)**




Foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

## Fíor 12.4 Treochtaí GCT na hÉireann — anailís bliain ar bhliain (2022 – 2023)

### ↓ -21.4% Tionscail fuinnimh



Laghduithe ar ghual (**-44%**), ar ola (**-78%**), ar mhóin (**-34%**) agus ar ghás nádúrtha (**-7%**) i nginiúint leictreachais. Méadú ar an sciar in-athnuaite ó **39%** go **41%**. Leictreachas iomportáilte **9.5%** anois.

### ↓ -4.9% Talmhaíocht



Mar thoradh ar laghdú **18%** ar úsáid nítrigine leasacháin, ba lú astaíochtaí a bhí ann ó ithreacha talmhaíochta.

Tháinig méadú **0.6%** ar líonta tréad déiríochta in 2023, ach tháinig laghdú **4.5%** ar aschur bainne in aghaidh na bó.

### ↓ -7.1% Tithíocht



Laghdú nach beag ar astaíochtaí de bharr praghsanna arda breosla, rialú, agus geimhreadh ní ba shéimhe. Tháinig laghdú **22%** ar úsáid guail, **13%** ar mhóin, **0.3%** ar ola agus **14%** ar ghás nádúrtha.

### ↑ +0.3% Iompar




Bhí **28%** de chlárúcháin carranna nua ina gcarranna leictreacha in 2023, agus **110,000** feithicil leictreach ar bhóithre na hÉireann ar an iomlán.[a] Rinneadh cúiteamh air sin le méadú 3% ar mhéid an fhlít náisiúnta feithiclí. Mar sin féin, bhí astaíochtaí don earnáil **4.3%** faoi bhun na leibhéal a bhí ann roimh COVID.

Foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Nóta: a Leis na huimhreacha le haghaidh feithiclí leictreacha, áirítear feithiclí ceallra-leictreacha agus feithiclí hibrideacha inluchtaithe araon mar aon le veaineanna, busanna, gluaisrothair agus cineálacha feithiclí eile.

**Fíor 12.5 Forléargas ar na príomhchreataí reachtúla agus beartais idirnáisiúnta agus baile le haghaidh na haeráidneodrachta in Éirinn**




Foinse: Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nótaí:

a Le *An Pacáiste 'Oiriúnach do 55': Beart a dhéanamh de réir na dtograí*, cuirtear in iúl na príomhghnéithe den phacáiste maille le tuilleadh mionsonraí maidir leis an raon iomlán tograí a áirítear ann.

b Is é rud is buiséad carbóin ann ná an méid iomlán GCT is féidir le hÉirinn a astú i dtréimhse cúig bliana ar leith. D'fhaomh an Rialtas na buiséid charbóin a mhol an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide le haghaidh 2021 – 2025 agus 2026 – 2030 agus ghlac an tOireachtas i mí Aibreáin 2022 iad. Moladh tríú agus ceathrú buiséad carbón lena gcumhdaítear an tréimhse idir 2031 agus 2040 ach níor glacadh go fóill iad.

c Is é rud is uasteorainneacha astaíochtaí earnála ann ná an méid iomlán astaíochtaí GCT is féidir le gach earnáil den gheilleagar a tháirgeadh i rith tréimhse ama ar leith — arna bhfaomhadh ag an Rialtas i mí Iúil 2022.

d Is é CAP25 an tríú huasdátú reachtúil ar Phlean Gníomhaithe na hÉireann ar son na hAeráide a foilsíodh ar dtús in 2019 agus leagtar amach ann cúrsa le haghaidh spriocanna na hÉireann maidir le neodracht ó thaobh carbóin de.

e Foilsíodh an chéad straitéis fhadtéarmach de chuid na hÉireann i mí Aibreáin 2023 agus tugadh cothrom le dáta í mí Lúnasa 2024 í. Cuirtear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh í agus ní mór í a bheith i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

f An Creat Náisiúnta Oiriúnaithe arna fhaomhadh ag an Rialtas a éilítear gach cúig bliana — foilsíodh an leagan is deireanaí i mí an Mheithimh 2024.

## Gealltanais Eorpacha

**12.22** Is é cuspóir an AE, faoi 2030, ná laghdú foriomlán 55% a bhaint amach ar astaíochtaí GCT i gcoibhneas le bonnlíne astaíochtaí 1990. Leagtar amach na príomhchláir atá i bhfeidhm chun é sin a bhaint amach, dá dtagraítear i dteannta a chéile mar phacáiste *Oiriúnach do 55* an AE, i Fíor 12.6.

**Fíor 12.6 Príomhchláir *Oiriúnach do 55* an AE**

**Córas Trádála Astaíochtaí (CTA AE)**

Forchuirtear praghas carbóin ar astaírí móra amhail tionscail agus fiontair mhóra.

**An Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill (ESR AE)**

Leagtar síos spriocanna náisiúnta maidir le hastaíochtaí in earnálacha nach gcumhdaítear faoi CTA AE.

**An Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite**

Leagtar síos spriocanna chun sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a mhéadú.

**An Rialachán maidir le hÚsáid Talún, Athrú ar Úsáid Talún agus Foraoiseacht**

Cumhdaítear astaíochtaí agus aistrithe ón earnáil talún, lena n-áirítear foraoisí, bogaigh agus tailte talmhaíochta.

Foinse: An Chomhairle Eorpach

### *Córas Trádála Astaíochtaí*

**12.23** Cuireadh CTA AE ar bun in 2005. Ar dtús, níor mhór d'earnálacha a chumhdaítear faoi CTA AE a gcuid astaíochtaí a laghdú 43% faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 2005. In athbhreithniú a rinneadh ar an treoir in 2023, rinneadh athbhreithniú ar an sprioc le haghaidh 2030 go laghdú 62%.


**12.24** Idir 2005 agus 2023, rinne Éire dul chun cinn maith maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú faoi CTA AE, agus bhain sí amach laghdú 45% ar ghlanastaíochtaí GCT. Leis na réamh-mheastacháin is déanaí ó GCC, tugtar le fios go sáróidh laghdú astaíochtaí CTA na hÉireann an sprioc, agus laghduithe 66% ar astaíochtaí á mbaint amach faoi 2030 de réir mar a chuirfear bearta breise i bhfeidhm (féach Fíor 12.7).

### *An Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill*

**12.25** Sannadh sprioc laghdaithe 30% d'Éirinn le haghaidh 2030 i gcomparáid le leibhéil 2005 faoin Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill (ESR) a glacadh in 2018. Ina dhiaidh sin féin, rinneadh athbhreithniú ar an sprioc sin in 2023 go laghdú 42% mar chuid d'uaillmhian aeráide mhéadaithe an AE.

**12.26** Idir 2005 agus 2023, is beag dul chun cinn a rinne Éire maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú faoi ESR AE, agus níor bhain sí amach ach laghdú 10.4% ar ghlanastaíochtaí GCT. Leis na réamh-mheastacháin ó GCC atá bunaithe ar bhearta atá ann cheana, tugtar le fios go mbainfeadh Éire laghdú iomlán 9.6% amach ó leibhéil 2005 faoi 2030. Leis na réamh-mheastacháin ó GCC, tugtar le fios go bhféadfaí laghdú féideartha 22% a bhaint amach faoi 2030 de réir mar a chuirfear bearta breise i bhfeidhm (féach Fíor 12.7). In aon chás acu, is é an toradh a réamh-mheastar ná astaíochtaí atá i bhfad os cionn an spriocleibhéil.

**Fíor 12.7** **Astaíochtaí GCT na hÉireann, agus réamh-mheastacháin, agus spriocanna CTA agus ESR AE**[a,b,c]




Foinse: An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a Tá sonraí iarbhír maidir le hastaíochtaí agus réamh-mheastacháin GCT faoi réir mionleasú leanúnach chun forbairtí san eolaíocht is déanaí agus/nó feabhsuithe ar shonraí gníomhaíochta ábhartha a léiriú.

b Taispeántar an chonair chuig spriocanna mar laghduithe líneacha ar mhaithe le comparáid éasca a dhéanamh.

c Tá feidhm uile-Aontais le spriocanna CTA.

### *Pionóis agus costais Eorpacha*

**12.27** Tá na spriocanna leagtar amach i gcláir an AE ceangailteach ó thaobh dlí de. Mura mbaintear spriocanna amach, is dócha go mbeidh costais chomhlíontacha agus pionóis airgeadais i gceist (féach Fíor 12.8).

**12.28** Feidhmíonn CTA AE ar phrionsabal 'teorannaithe agus trádála astaíochtaí', ina gcuirtear teorainn le lamháltais astaíochtaí, ina gcuirtear ar ceant iad agus inar féidir iad a thrádáil. Féadfar pionós i leith astaíochtaí iomarcacha a ghearradh ar chuideachtaí a sháraíonn a lamháltais. Cé nach bhfuil na ballstáit faoi dhliteanas pionós faoi CTA AE, ainmnítear le freagracht forfheidhmithe iad.[1]

**12.29** Tiomsaítear ioncam le haghaidh buiséid náisiúnta de bhearr lamháltais a chur ar ceant in CTA AE. Ó bhí 2013 ann, gineadh os cionn €230 billiún in ioncam ceantála le CTA AE (in 2024 as féin, tiomsaíodh €38.8 billiún san iomlán). Faigheann Éire sciar náisiúnta de na fáltais cheantála sin. Mar thoradh ar an gcóras trádála, glacadh fáltais €777 milliún isteach sa Státchiste idir 2020 agus 2024.[2]

**12.30** Faoin Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite, tá sé de cheangal ar Éirinn íosmhéid bonnlíne d'fhoinsí in-athnuaite a choinneáil ar bun lena soláthraítear 16% den olltomhaltas deiridh bliantúil fuinnimh (le haghaidh giniúint leictreachais, iompair agus téimh agus fuaraithe), agus an méid sin ag ardú go sciar 43% d'fhoinsí in-athnuaite faoi 2030. Thuairiscigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann go raibh an sciar d'fhuinneamh in-athnuaite in 2023 — ag 14.6% — i bhfad faoi bhun na bonnlíne agus na treochta is gá chun sprioc 2030 a bhaint amach.[3]

1 Mar chuid de na hathbhreithnithe ar an Treoir Eorpach maidir le Córas Trádála Astaíochtaí in 2023, cruthaíodh córas nua trádála astaíochtaí dá ngairtear ETS2. Le ETS2, cumhdófar astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin ó dhóchán breoslaí i bhfoirgnimh, in iompar ar bóthar agus in earnálacha breise (tionscail bheaga nach gcumhdaítear faoi CTA AE atá ann cheana den chuid is mó). Beidh feidhm iomlán leis in 2027. Féach ETS2 chun tuilleadh eolais a fháil.

2 Glanfháltais €8.4 milliún a íocadh le GCC le haghaidh costais riaracháin ó 2020 go 2024.

3 An Chéad Amharc: Fuinneamh In-athnuaite in Éirinn, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

**Fíor 12.8 Forléargas ar chláir, spriocanna agus costais chomhlíontachta an AE i dtaobh na haeráide**

| Clár an AE | Earnálacha lena mbaineann | Sprioc eatramhach 2030 | Costais chomhlíontachta fhéideartha[a] |
|---|---|---|---|
| Córas Trádála Astaíochtaí | Giniúint leictreachais<br>Tionscail atá dian ar fhuinneamh<br>Eitlíocht laistigh den AE<br>Iompar muirí | Laghdú 62% ar astaíochtaí ó na tionscail seo ar fud an AE faoi 2030 nuair a thomhaistear in éadan bonnlíne 2005 iad. | Gearrtar pionóis airgeadais ar chuideachtaí nach ngéilleann dóthain lamháltas chun a n-astaíochtaí fíoraithe a chumhdach agus d'fhéadfadh iarmhairtí rialála a bheith ann. |
| An Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill | Iompar<br>Foirgnimh<br>Talmhaíocht<br>Dramhaíl<br>Tionscal Beag | Laghdú 42% ar astaíochtaí ESR (neamh-CTA) nuair a thomhaistear in éadan leibhéil 2005 iad.<br>Is sprioc shonrach d'Éirinn é sin a chuireann leis an sprioc uile-AE de laghdú 55%. | Braithfidh sé sin ar an mbearna astaíochtaí deiridh, ar infhaighteacht agus ar phraghas lamháltas astaíochtaí in aghaidh na bliana, agus ar bhearta comhlíontachta an Aontais a chuirfear i bhfeidhm.<br>Cé go bhfuil na meastacháin costais seo neamhchinnte iontu féin, meastar go bhfuil siad idir €5 bhilliún agus €16 bhilliún le bearta atá ann cheana féin (WEM), agus idir €3 bhilliún agus €10 mbilliún le bearta breise curtha chun feidhme (WAM). |
| An Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite | Fuinneamh in-athnuaite i leictreachas, i dtéamh (agus fuarú) agus in iompar. | Sciar bonnlíne fuinnimh in-athnuaite a choinneáil ag 16% den oll-úsáid fuinnimh deiridh agus sciar fuinnimh in-athnuaite 43% a bhaint amach faoi 2030. | Braithfidh sé sin ar an staid deiridh maidir le sciar fuinnimh in-athnuaite agus ar infhaighteacht agus praghas aistrithe staitistiúla ó thíortha eile san AE.<br>Meastar go bhfuil an tsuim idir €0.5 billiún agus €4.4 billiún i gcás WEM agus idir €0.2 billiún agus €2.6 billiún i gcás WAM. |
| An Rialachán maidir le hÚsáid talún, Athrú ar Úsáid talún agus Foraoiseacht | Leagtar amach ann teorainneacha náisiúnta ceangailteacha maidir le glanastaíochtaí ón earnáil talún, lena n-áirítear foraoisí, bogaigh agus talamh talmhaíochta. | Laghdú 0.6 Mt $CO_2$eq d'astaíochtaí ÚTAÚTF a bhaint amach thar an tréimhse 2026 – 2030, i gcomparáid leis na meánleibhéil in 2016 – 2018. | Braithfidh sé ar shonraí fardail ÚTAÚTF deiridh, an bhearna ón sprioc agus praghas agus infhaighteacht leithdháiltí ó bhallstáit eile den AE.<br>Raon ó:<br>idir €1.6 billiún agus €5.8 billiún i gcás WEM<br>idir €0.5 billiún agus €1.7 billiún i gcás WAM. |

Foinse: An Coimisiún Eorpach (cláir agus aidhmeanna an AE). Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann agus an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide (costais chomhlíontachta measta).

Nóta: a Meastar na costais chomhlíontachta féideartha bunaithe ar réimse cásanna éagsúla, lena n-áirítear astaíochtaí réamh-mheasta má fhanann na bearta uile atá curtha chun feidhme faoi láthair i bhfeidhm (WEM) agus astaíochtaí réamh-mheasta má chuirtear gníomhartha níos uaillmhianaí chun feidhme (WAM)

**12.31** Féadfaidh Ballstáit nach sroicheann a spriocanna fuinnimh in-athnuaite leas a bhaint as sásraí comhair amhail aistrithe staitistiúla, tionscadail chomhpháirteacha, scéimeanna tacaíochta comhordaithe nó bearta náisiúnta breise chun bearnaí comhlíontachta a dhúnadh.

**12.32** Réamh-mheasann GCC (faoi WEM) go bhféadfadh méadú 95% a bheith ar astaíochtaí ón earnáil ÚTAÚTF faoi 2030 i gcomparáid le 2018, den chuid is mó mar gheall ar an saothrú foraoiseachta a bhfuiltear ag súil leis i bhfianaise eastát foraoise a bheidh ag aibiú le linn na tréimhse sin. Ceadaítear le rialachán ÚTAÚTF aistriú creidiúintí breise idir bhallstáit chun comhlíontacht a bhaint amach. Mar sin féin, mura mbeidh spriocanna ÚTAÚTF bainte amach ag an Aontas ina iomláine — rud nach bhfuiltear ag súil leis faoi láthair ón méid atá déanta go fóill — ní bheidh an tsolúbthacht sin ar fáil d'Éirinn.

**12.33** Is dócha go dtiocfaidh na costais chomhlíontachta is suntasaí chun cinn faoi ESR AE. Ós rud é nach dócha go gcomhlíonfaidh Éire a spriocanna laghdaithe astaíochtaí sna hearnálacha sprice ESR, féadfaidh sí leithdháiltí bliantúla astaíochtaí a cheannach ó bhallstáit eile a bhfuil barrachas leithdháiltí acu. Braithfidh costas na leithdháiltí sin ar choinníollacha an mhargaidh, go háirithe soláthar agus éileamh laistigh de mhargadh carbóin an Aontais.

**12.34** Léirítear sna réamh-mheastacháin is déanaí ó GCC, fiú agus na bearta breise uile atá beartaithe curtha chun feidhme, go sáróidh astaíochtaí carnacha na hÉireann idir 2021 agus 2030 an spriocleibhéal, don tréimhse sin, faoi 47.6 Mt $CO_2$eq.

**12.35** Mar sin féin, áirítear leis an ESR solúbthachtaí ar féidir le hÉirinn leas a bhaint astu chun an t-easnamh a laghdú.

- ***Lamháltais CTA AE:*** Ceadaítear d'Éirinn líon teoranta de lamháltais bhreise CTA AE a chealú agus iad a úsáid chun cabhrú le spriocanna ESR a bhaint amach.
- ***Creidiúintí ÚTAÚTF:*** Is féidir le hÉirinn líon teoranta astaíochtaí ón earnáil ÚTAÚTF a úsáid chun astaíochtaí iomarcacha GCT a fhritháireamh. Is dócha go mbainfidh Éire leas as creidiúintí ÚTAÚTF le linn na chéad tréimhse comhlíontachta (2021 – 2025) ach ní dócha go mbeidh teacht uirthi ar aon chreidiúintí sa dara tréimhse (2026 – 2030).

**12.36** Ní fios in aon chor na costais chomhlíontachta féideartha a bheidh roimh Éirinn. Beidh siad ag brath ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear an staid deiridh maidir le hastaíochtaí in 2030 agus an t-easnamh i gcomparáid leis na spriocanna ceangailteacha, chomh maith le praghas agus infhaighteacht solúbthachtaí (amhail leithdháiltí bliantúla astaíochtaí, agus aistrithe nó creidiúintí staitistiúla).[1]

**12.37** I gcomhthuarascáil a foilsíodh i mí an Mhárta 2025 ag Comhairle Chomhairleach Bhuiséadach na hÉireann agus ag an gComhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, measadh go ngearrfaí pionóis shuntasacha ar Éirinn mura gcomhlíonann sí spriocanna laghdaithe carbóin an Aontais.[2] Meastar sa tuarascáil go bhféadfadh costais idir €3 bhilliún agus €12 bhilliún a bheith mar thoradh ar neamhchomhlíontacht má chuirtear bearta breise chun feidhme, nó idir €8 mbilliún agus €26 billiún faoi 2030 leis na bearta atá ann cheana. Tá sin i bhfad níos airde ná na meastacháin roimhe seo.

1 Faoin ESR, beidh dhá sheiceáil chomhlíontachta ann. Déanfar an chéad seiceáil in 2027, agus cumhdófar léi astaíochtaí don tréimhse 2021–2025. Críochnófar an dara seiceáil in 2032 agus cumhdófar léi 2026 – 2030. Ní dheimhneofar an staid deiridh go dtí 2032.

2 Tuairisc Deis ollmhór a cailleadh — gníomhú na hÉireann ar son na haeráide agus na costais fhéideartha a bhaineann le spriocanna a chailltear.

**12.38** Ó bhí 2023 ann, nochtadh dliteanas teagmhasach i gcuntas leithreasa Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid a bhaineann leis na dliteanais airgeadais fhéideartha a d'fhéadfadh a bheith roimh Éirinn mura gcomhlíonann sí a spriocanna agus laghduithe astaíochtaí GCT atá sainordaithe ag an Aontas. Ní dhéantar an dliteanas féideartha a chainníochtú sa chuntas leithreasa.

## Róil, freagrachtaí agus socruithe rialachais

**12.39** Déanann an Roinn monatóireacht ar astaíochtaí GCT na hÉireann trí GCC. Tá GCC freagrach as astaíochtaí na hÉireann a thiomsú agus a thuairisciú, lena gcur faoi bhráid an Aontais agus na Náisiún Aontaithe agus lena bhfoilsiú do pháirtithe leasmhara náisiúnta. Foilsítear tuairisc fardail náisiúnta gach bliain chun na páirtithe leasmhara ábhartha uile a chur ar an eolas faoi leibhéil na n-astaíochtaí. Cé go gceanglaítear tuairisciú débhliantúil ar astaíochtaí reatha agus astaíochtaí réamh-mheasta faoi Rialachán an AE maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus Gníomhaíochta Aeráide ((AE) 2018/1999), ullmhaíonn GCC tuarascálacha bliantúla chun freastal ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara náisiúnta.[1]

**12.40** Is í an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil an phríomhroinn chun neodracht charbóin a bhaint amach in Éirinn — tá roinnt ranna aireachta freagrach as í a sheachadadh. In 2022, chomhaontaigh an Rialtas an chéad leithdháileadh freagrachta aireachta as uasteorainneacha astaíochtaí earnála (féach Fíor 12.9).

1 Rialachán (AE) 2018/1999 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide.

**Fíor 12.9 Freagrachtaí aireachta de réir uasteorainn astaíochtaí earnála**

| Earnálacha | An tAire Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil | An tAire Iompair | An tAire Fiontair, Turasóireachta agus Fostaíochta | An tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara | An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta | An tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Leictreachas** | ● | | | | | |
| **Iompar** | | ● | | | | |
| **Foirgnimh chónaithe** | ● | | | | | |
| **Tionscal** | | | ● | | | |
| **Foirgnimh tráchtála** | | | ● | | | |
| **Talmhaíocht** | | | | ● | | |
| **ÚTAÚTF** | | | | ● | ● | |
| **An earnáil phoiblí**[a] | ● | | | | | ● |
| **Eile (F-gháis, dramhaíl & scagadh peitriliam)** | ● | | | | | |

Foinse: An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil

Nóta: a Ról comhroinnte idir ranna éagsúla (ospidéil — an tAire Sláinte; scoileanna — an tAire Oideachais).

## Torthaí monatóireachta

**12.41** Leagtar amach san Acht Aeráide ról fardail agus réamh-mheastacháin GCC maidir le measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn/dul chun cinn réamh-mheasta i dtreo spriocanna a bhaint amach. Déanann GCC monatóireacht ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna foriomlána agus earnála ina tuairiscí fardail agus réamh-mheastacháin bliantúla ar astaíochtaí GCT. Cuireann na tuairiscí sin, mar aon le tuarascáil bhliantúil na Comhairle Comhairlí um Athrú Aeráide, eolas ar fáil maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht laistigh de chlár buiséid carbóin na hÉireann agus uasteorainneacha astaíochtaí earnálacha.

### *Buiséid charbóin*

**12.42** Éilíonn an tAcht Aeráide go socrófar buiséid charbóin cúig bliana chun cur le baint amach an chuspóra náisiúnta ar son na haeráide. Luaitear ann freisin gur cheart go laghdófaí astaíochtaí GCT faoi 51% faoi 2030 leis an gcéad dá bhuiséad carbóin. Éilítear leis an reachtaíocht freisin go n-iomprófar aon ‘easnaimh’ sa bhuiséad carbóin ar aghaidh go dtí an chéad tréimhse buiséid eile.

**12.43** Sa chéad bhuiséad carbóin, ceadaíodh 295 Mt $CO_2$eq thar an tréimhse 2021 – 2025. Faoi dheireadh 2023, úsáideadh 63% den lámhaltas buiséid carbóin. Tuarann GCC go sárófar an chéad bhuiséad carbóin. De réir na reachtaíochta, laghdófar an dara buiséad carbóin (atá socraithe faoi láthair ag 200 Mt $CO_2$eq) de réir an mhéid a tugadh ar aghaidh. Mar thoradh air sin, beidh sé níos dúshlánaí sa deireadh fanacht laistigh den dara leithdháileadh buiséid carbóin agus na leithdháiltí ina dhiaidh sin.

### *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide*

**12.44** Is é an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide (CAP) an príomhdhoiciméad straitéiseach atá i bhfeidhm chun eolas a dhéanamh do chur chuige na hÉireann maidir le baint amach a cuspóra náisiúnta ar son na haeráide.[1] Leagtar amach sa CAP téamaí straitéiseacha, mar aon le méadracht feidhmíochta agus gníomhartha bunúsacha. Tá na gníomhartha agus méadracht sannta do phríomh-ranna rialtais le bainistiú a dhéanamh go dtí 2025 ar dtús agus ansin go dtí 2030.

**12.45** Tá na gníomhartha agus méadracht bunaithe ar straitéisí tábhachtacha atá i bhfeidhm i ngach earnáil.[2] Leagtar amach príomh-mhéadracht, agus an maolú féideartha (laghdú ar astaíochtaí) do théamaí a bhaineann leis an earnáil talmhaíochta in Aguisín 12A mar shampla.

#### *Monatóireacht ar dhul chun cinn sheachadadh an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide*

**12.46** Déanann Roinn an Taoisigh maoirseacht agus monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéantar ar na gníomhartha agus bearta gaolmhara atá liostaithe sa CAP. Foilsíonn sí tuairisc dul chun cinn ráithiúil a chuirtear faoi bhráid an Rialtais sula bhfoilsítear í.[3]

**12.47** Díríonn na tuairiscí ar dhul chun cinn ar na gníomhartha a bhí le cur i gcrích i rith na bliana, chomh maith le 'gníomhartha oidhreachta ardtionchair' ar cuireadh moill orthu agus a tugadh ar aghaidh ó phleananna gníomhaithe ar son na haeráide roimhe seo. Deirtear sa tuairisc ar dhul chun cinn CAP 2024 gur baineadh amach ráta cur chun feidhme foriomlán de 64% i.e. tá 80 de na 125 gníomh pleanáilte curtha i gcrích.

**12.48** Áirítear sna tuairiscí ar dhul chun cinn freisin forbhreathnú ardleibhéil ar astaíochtaí GCT agus ar an maolú féideartha do gach earnáil thábhachtach mar aon le roinnt bearta feidhmíochta tábhachtacha. Mar sin féin, ós rud é go ndéantar athbhreithniú go minic ar CAP (gach bliain) agus gur féidir gníomhartha a athbhreithniú nó a athrú, is deacair dul chun cinn bliain i ndiaidh bliana a rianú nó an ráta dul chun cinn a mheas.

**12.49** Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar an gcaoi ar tuairiscíodh príomh-mhéadracht feidhmíochta do na bearta talmhaíochta maidir le gníomhú ar son na haeráide i dtuairisc ar dhul chun cinn CAP 2024 chun a n-úsáideacht a mheas.[4] Go ginearálta, ní raibh sé soiléir ón bhfaisnéis a bhí sa tuarascáil cén pointe tosaigh a bhí ag gach beart. Ar an gcúis seo, ní féidir a chinneadh go héasca cé mhéad dul chun cinn atá déanta, ná an ráta ag a bhfuil dul chun cinn i dtreo na sprice á bhaint amach (féach Fíor 12.10).




1 Forbraíodh céad Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide na hÉireann in 2019. Go dtí seo, rinneadh ceithre nuashonrú ar CAP in 2021, 2023, 2024 agus 2025.

2 Mar shampla, áirítear le straitéisí na hearnála talmhaíochta Plean Straitéiseach an Chomhbheartais Talmhaíochta, Clár Gníomhaíochta Níotráití 2022 – 2025, dréacht-Straitéis Bithmheatáin, Scéim Dreasachta Curaíochta agus Scéim Feirmeoireachta Orgánaí.

3 [Tuairiscí maidir le Dul Chun Cinn an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.]

4 Áirítear leis an tuairisc maidir le dul chun cinn CAP méadracht feidhmíochta do na hearnálacha iompair, leictreachais, foirgneamh, tionscail agus ÚTAÚTF freisin. Roghnaíodh méadracht feidhmíochta na talmhaíochta chun críche an scrúdaithe seo toisc gurb í an earnáil talmhaíochta atá freagrach as an gcéatadán is airde d'astaíochtaí náisiúnta.

**Fíor 12.10 Sampla: Talmhaíocht — príomhbhearta feidhmíochta, tuairisc ar dhul chun cinn an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, R4 2024**

| Príomhtháscairí feidhmíochta agus spriocanna 2030 | Breathnóireacht |
|---|---|
|  400,000 heicteár don churaíocht faoi 2030 | • Ní luaitear an pointe tosaigh, mar sin ní féidir leis an léitheoir an dul chun cinn atá déanta go dtí seo a chinneadh.<br>• Mar gheall ar an easpa faisnéise comparáide le himeacht ama, níl an léitheoir in ann ráta an dul chun cinn a chinneadh.<br>• Tuairiscíodh 348,000 heicteár san iomlán i dtuairisc ar dhul chun cinn 2023, rud a léiríonn gur aisiompaíodh cuid den dul chun cinn a rinneadh i dtréimhsí níos luaithe in 2024. |
|  450,000 heicteár don fheirmeoireacht orgánach faoi 2030 | • Ní luaitear an pointe tosaigh, mar sin ní féidir leis an léitheoir an dul chun cinn atá déanta go dtí seo a chinneadh.<br>• Mar gheall ar an easpa faisnéise comparáide le himeacht ama, níl an léitheoir in ann ráta an dul chun cinn a chinneadh.<br>• Tugadh sprioc de 350,000 heicteár isteach den chéad uair in CAP21 agus méadaíodh í ina dhiaidh sin go 450,000 heicteár in CAP23, rud a léiríonn spriocanna níos uaillmhianaí don mhéadrach seo. |
|  Úsáid leasacháin laghdaithe go 300,000 tonna ar a mhéid faoi 2030 | • Níl an pointe tosaigh soiléir, mar sin ní féidir leis an léitheoir an dul chun cinn atá déanta go dtí seo ná ráta an dul chun cinn a chinneadh.<br>• Ní léiríonn an chairt a úsáideadh go soiléir gur sáraíodh an sprioc in aghaidh na bliana faoi 10,411 tonna in 2024.<br>• Tuairiscíodh 399,000 tonna san iomlán sa tuairisc ar dhul chun cinn 2023, rud a léiríonn go raibh laghdú thart ar 22% tagtha ar úsáid leasacháin faoi dheireadh 2024. |

Foinse: Roinn an Taoisigh, tuairiscí ar dhul chun cinn an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**12.50** Is féidir le faisnéis feidhmíochta ról tábhachtach a bheith aici chun ligean do pháirtithe leasmhara tuiscint a fháil ar a bhfuil (nó nach bhfuil) á bhaint amach agus feabhas a spreagadh. Mar sin féin, chun go mbeidh méadracht feidhmíochta éifeachtach, ba cheart iad a lua go soiléir, a bheith éasca le tuiscint, agus a bheith in ann iad a thomhas. Tá sé tábhachtach go leagtar amach go soiléir tréimhse ama den mhéadracht feidhmíochta freisin.

**12.51** Mar fhreagra ar an imscrúdú, dúirt Roinn an Taoisigh go ndéanfadh sí iarracht soiléireacht bhreise agus modhanna eile a thabhairt isteach chun dul chun cinn a léiriú i dtuairiscí amach anseo.

### *Buiséadú glas agus tuairisciú feidhmíochta*

**12.52** Ó bhí 2019 ann, tá an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (an Roinn Caiteachais Phoiblí) ag rianú agus ag tuairisciú ar chaiteachas 'atá fabhrach don aeráid' agus tá an fhaisnéis sin curtha san áireamh in Aguisín a ghabhann leis an imleabhar, *Meastacháin Athbhreithnithe.* Atáirgtear in Aguisín 12B an caiteachas atá fabhrach don aeráid agus do mhéadracht feidhmíochta gaolmhara do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir do 2024.[1]

**12.53** Déanann na torthaí feidhmíochta, arna bhfoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí i *dTuarascáil Feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí*, tomhas ar sheachadadh i gcomparáid leis an sprioc-mhéadracht feidhmíochta. Go dtí seo, áfach, is ar an gcaoi a gcaitear maoiniú agus an líon spriocdhírithe faighteoirí do scéimeanna atá fabhrach don aeráid is mó a dhírigh tuairiscí feidhmíochta. Ní thugann an mhéadracht mórán faisnéise faoin toradh a baineadh amach de bharr an chaiteachais.

**12.54** Tá raon feidhme ann chun na méadrachtaí feidhmíochta a leagtar amach sna meastacháin athbhreithnithe a ailíniú tuilleadh leis na méadrachtaí feidhmíochta atá san áireamh i dtuairiscí ar dhul chun cinn CAP. Mar gheall air sin, d'fhéadfaí an infheistíocht airgeadais i ngníomhaíochtaí aeráide a nascadh le dul chun cinn intomhaiste agus le torthaí gníomhaithe ar son na haeráide. D'fhéadfadh sé cabhrú freisin le cinntí infheistíochta airgeadais a dhíriú ar chuspóirí straitéiseacha fadtéarmacha CAP.

**12.55** Tá forbhreathnú ar an gcreat buiséadaithe ghlais agus gealltanas ann tuairisciú ar mhéadracht caiteachais aeráide agus comhshaoil a chomhtháthú i dtuairiscí feidhmíochta na seirbhíse poiblí sa *Tuarascáil Feidhmíochta Seirbhíse Poiblí* is déanaí, do 2024.[2]

**12.56** Dúirt an Roinn Caiteachais Phoiblí go mbeidh neartú an naisc idir caiteachas poiblí, spriocanna beartais agus na torthaí a baineadh amach mar fhócas dá cuid oibre sna blianta amach romhainn.

## Conclúidí

**12.57** Tá dul chun cinn déanta ag Éirinn maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú, ach níl an ráta laghdaithe leordhóthanach fós chun na spriocanna a leagadh síos a bhaint amach. Léirítear i réamh-mheastacháin reatha GCC, fiú agus bearta breise beartaithe á gcur chun feidhme, go bhfuiltear ag súil go sáróidh astaíochtaí an sprioc náisiúnta faoi 2030.

**12.58** Mura gcomhlíonann Éire a spriocanna laghdaithe astaíochtaí náisiúnta, beidh iarmhairtí suntasacha ann, a rachaidh i bhfeidhm ar an Stát ó thaobh an dlí, an airgeadais, an gheilleagair, an chomhshaoil agus na polaitíochta de.

1 Déantar cur síos ar chaiteachas atá fabhrach don aeráid mar chaiteachas a chuireann chun cinn, go hiomlán nó go páirteach, go díreach nó go hindíreach, aistriú na hÉireann chuig geilleagar atá íseal ó thaobh carbóin de, athléimneach ó thaobh na haeráide de agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

2 Tá an leagan is deireanaí de *Thuarascáil Feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí* (do 2024) ar fáil anseo.

**12.59** Tá spriocanna an Aontais maidir le hastaíochtaí GCT a leagtar amach sa Chóras Trádála Astaíochtaí agus sa Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill ceangailteach ó thaobh an dlí de. Léirítear i réamh-mheastacháin reatha ó GCC, fiú má chuirtear na bearta uile a leagtar amach sa *Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide* chun feidhme, go sáróidh astaíochtaí na hÉireann an sprioc cheangailteach a leagtar síos sa Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill. Faoi 2030, is dócha go mbeidh ar Éirinn leithdháiltí suntasacha astaíochtaí a cheannach ó bhallstáit eile den AE, rud a mbeidh dliteanais airgeadais shuntasacha agus costais a bhaineann le comhlíontacht don Státchiste mar thoradh air.

**12.60** Tá éiginnteacht shuntasach ann maidir le luach na gcostas comhlíontachta a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag Éirinn, agus meastacháin idir €3 bhilliún agus €26 billiún ann. Mar sin féin, d'fhéadfadh infheistíocht i dtionscnaimh a thugann an seans is airde chun astaíochtaí GCT a laghdú sna blianta amach romhainn na dliteanais a mhaolú.

**12.61** Admhaítear i Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid an dliteanas teagmhasach a bheadh ann má theipeann ar Éirinn spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT a chomhlíonadh. Mar sin féin, mar a leagtar amach san uasteorainn astaíochtaí earnála, tá roinnt ranna rialtais freagrach as an gcuspóir náisiúnta ar son na haeráide a bhaint amach. Níl sé soiléir go dtí seo cén roinn/cé na ranna rialtais a mbeidh orthu na costais a bhaineann le teip bhaint amach na ngníomhartha ar son na haeráide comhaontaithe a iompar.

**12.62** Is é an *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide* an príomhdhoiciméad straitéiseach ina leagtar amach treochlár chun an cuspóir aeráide náisiúnta a bhaint amach. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú air go minic, agus tuairiscítear dul chun cinn maidir le príomhbhearta feidhmíochta a bhaint amach gach ráithe.

**12.63** Mar sin féin, tá easpa soiléireachta sa chur chuige reatha maidir le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ní léiríonn sé go héifeachtach dul chun cinn (nó easpa dul chun cinn) bliain i ndiaidh bliana ná ní chinntíonn sé go bhfuil fócas leanúnach ar spriocanna fadtéarmacha. Tá easpa ceangail idir monatóireacht a dhéanamh ar an infheistíocht airgeadais i gcaiteachas atá fabhrach don aeráid (tríd an gcreat buiséadaithe ghlais) agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na ngníomhartha sa *Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide*. D'fhéadfadh sé seo bac a chur ar thosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí sna bearta sin a d'fhéadfadh an toradh is mó a bhaint amach i leith chuspóirí na hÉireann ar son na haeráide.

## Aguisín 12A Sampla: Talmhaíocht — téamaí agus méadrach an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide

| Téama | Méadrach | Laghdú féideartha go dtí 2025 |
|---|---|---|
| **Ionchuir agus rudaí breise**<br>Úsáid an nítrigine cheimicigh agus úsáid leasachán ceimiceach íseal-astaíochtaí a laghdú | Úsáid an nítrigine cheimicigh a laghdú go 330,000 tonna ar a mhéid<br>Sprioc 80 – 90% d'úiré faoi chosaint a úsáid ar fheirmeacha féaraigh | 0.75 – 0.9 Mt $CO_2$eq |
| **Cleachtais fearachais**<br>Laghdaigh astaíochtaí GCT ón mbólacht | Spriocaois críochnaithe 24 – 25 mí<br>Aois na mbó mairteola diúil lao a laghdú | 0.68 Mt $CO_2$eq |
| **Éagsúlú**<br>An earnáil dhúchasach bithmheatáin a leathnú trí dhíleá anaeróbach, an limistéar atá faoi churadóireacht a mhéadú agus leibhéal na feirmeoireachta orgánaí a mhéadú | Táirgeadh 1 TWh de bhithmheatán faoi 2025<br>Suas le 20 gléasra díleá anaeróbach ar scála mór a thógáil<br>Sprioc a chur le curaíocht suas le 360,000 heicteár<br>250,000 heicteár d'fheirmeoireacht orgánach | 1.4 Mt $CO_2$eq |

Foinse: Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024

## Aguisín 12B Sampla: Talmhaíocht — méadracht feidhmíochta agus caiteachas atá fabhrach don aeráid

### Méadracht aschuir

| Fo-cheannteideal | Gníomhaíochtaí na seirbhíse poiblí (méadrach aschuir) | Sprioc 2024 | Meastachán 2024 €000 |
|---|---|---|---|
| B.3 Scéimeanna agra-chomhshaoil | Líon na n-iarratasóirí le híoc faoin Scéim Feirmeoireachta Orgánaí | 5,000 iarratasóir | 92,499 |
| | Heicteáir na Scéime Feirmeoireachta Orgánaí | 218,000 heicteár | |
| B.4 Limistéir faoi Shrian Nádúrtha | Líon na rannpháirtithe sa scéim um Limistéir faoi Shrianta Nádúrtha | 99,000 rannpháirtí | 247,000 |
| B.10 Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | Líon na heicteár foraoiseachta nua a cuireadh | 8,000 heicteár | 97,000 |
| B.14 Scéim Timpeallachta Tuaithe Talmhaíochta agus Aeráide | Líon na n-iarratasóirí le híoc faoi ACRES (an scéim talmhaíochta agus comhshaoil) | 28,200 iarratasóir | 200,000 |
| B.15 An Scéim Feirmeoireachta Orgánaí | Líon na n-iarratasóirí le híoc faoin Scéim Feirmeoireachta Orgánaí | 5,000 iarratasóir | 47,000 |
| | Heicteáir na Scéime Feirmeoireachta Orgánaí | 218,000 heicteár | |
| B.13 Bearta um Cháin Charbóin | — | — | 3,850 |
| D.4 Deontas Fhoras na Mara | — | — | 43,377 |
| **Iomlán** | | | **730,726** |

### Táscairí tionchair ar bheartas poiblí (torthaí)

| Fo-cheannteideal agus tionchar beartais phoiblí (torthaí) | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|
| B.3 agus B.15 Limistéar talún a ndéantar feirmeoireacht orgánach air | 72,000 | 90,000 | 110,000 |
| B.3 Athrú ar astaíochtaí iomlána GCT talmhaíochta ó bhonnlíne 2005 de 20.847 Mt $CO_2$eq | +1,02 | +1,12 | Níl teacht air. |
| B.10 Méadú ar achair faoi fhoraoiseacht (agus athrú % ar an mbliain roimhe sin) | 2,434 (+0.31) | Níl teacht air. | Níl teacht air. |
| B.10 Achar talún iomlán faoi fhoraoiseacht | 780,029 | Níl teacht air. | Níl teacht air. |

Foinse: Meastacháin Athbhreithnithe 2024, Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir